

**Scéim Teanga na Roinne Oideachais agus Scileanna
2016-2019
Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Deireadh Fómhair 2016

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	1
1. Réamhrá.....	1
2. Ullmhú agus Ábhar na Scéime	1
3. Scéimeanna a deimhníodh roimhe seo	2
4. Dáta tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Foramharc ar an Roinn Oideachais agus Scileanna	4
1. Misean agus Cuspóirí	4
2. Custaiméirí na Roinne	4
3. Eochairsheirbhísí.....	5
Caibidil 3: Achoimre ar na seirbhísí Gaeilge agus na feabhsúcháin atá beartaithe sa tréimhse 2016-2019	6
1. Fógraí taifeadta béil	6
2. Staiseanóireacht.....	6
3. Comharthaíocht	6
4. Cumarsáidí agus Foilseacháin	6
5. Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil.....	7
5.1 Cumarsáid i scríbhinn nó ó bhéal leis an bpobal agus le scoileanna	7
5.2 Seirbhísí Párolla don Fhoireann Teagaisc agus don Fhoireann Neamhtheagaisc	8
5.3 Comhfhreagras, logainmneacha agus oibleagáidí comhlíonta eile	8
6. Na Meáin – Preasráitis	8
6.1 Preasráitis	8
6.2 Na Meáin Shóisialta	9
7. Teicneolaíocht na Faisnéise	9
7.1 Láithreán Gréasáin.....	9
7.2 Teicneolaíocht Faisnéise – Córais T.F.....	10
7.3 Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón	10
8 Seirbhísí Cigireachta.....	11
8.1 Cigireacht, Meastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta.....	11
8.2 Seirbhísí Cigireachta trí Ghaeilge	11
8.3 Seirbhís Cigireachta Dhátheangach do Scoileanna	12
8.4 Foilseacháin na Cigireachta	12
8.5 An Chigireacht agus tuilleadh feabhais ar an soláthar seirbhísí i nGaeilge.....	13
9 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)	13
9.1 Pearsanra NEPS.....	13
9.2 Foilseacháin NEPS – Treoirínte, Pacáistí Acmhainne do Scoileanna, Múinteoirí agus Tuismitheoirí 13	
9.3 Soláthar na Seirbhíse NEPS ag an leibhéal idir-rannach agus idirghníomhaireachta	14
Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas Gaeilge na Roinne	15

1. Earcaíocht.....	15
2. Oiliúint agus Forbairt.....	15
3. Cumas Gaeilge.....	15
4. Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge.....	16
Caibidil 5: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	17
Caibidil 6: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	18

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1. Réamhrá

Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go sonrúfar i scéimeanna teanga a ullmhaíonn forais phoiblí sonraí na seirbhísí atá i gceist acu a chur ar fáil:

- i nGaeilge,
- i mBéarla, agus
- i nGaeilge agus i mBéarla araon

agus na bearta a dhéanfar chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.

De réir Alt 14(3) den Acht, beidh scéimeanna teanga i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana nó go dtí go ndaingneofar scéim nua ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

2. Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Ceapadh scéim na Roinne i gcomhthéacs na dtreoirlínte a d'éisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, a ullmhaíodh faoi Alt 12 den Acht.

Ina theannta sin, bhí próiseas comhairliúcháin ann le páirtithe leasmhara ábhartha. I mí na Nollag 2015 d'fhoilsigh an Roinn fógra sna meáin chló náisiúnta, ar lorg aighneachtaí. Chomh maith leis an bhfógra seo, a foilsíodh de réir Alt 12 den Acht, d'fhoilsigh an Roinn fógra ar a láithreán gréasáin, freisin. Mar aon leis na bearta seo, chuaigh an Roinn i ngleic le páirtithe oideachais agus réimse leathan eagraíochtaí agus comhlachtaí Gaeilge, ag lorg a dtuairimí. Cuireadh na haighneachtaí a fuarthas san áireamh agus an Scéim seo á hullmhú, agus cuireadh san áireamh, freisin, tuairimí agus moltaí a fuarthas ó fhoireann na Roinne le linn athbhreithnithe ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna na Roinne roimhe seo.

Feidhmíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir an phrionsabail gur chóir soláthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- bunleibhéal an éilimh atá ann maidir le seirbhísí Gaeilge ar leith,
- an tábhacht atá le cur chuige gníomhach i gcás seirbhísí mar sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais san áireamh, agus inniúlacht na Roinne cumas riachtanach Gaeilge a fhorbairt nó a aimsiú.

Comhlíonann an Scéim seo prionsabail Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Ceapadh í agus aidhm aici a chinntiú go dtabharfar go hiomlán faoi gach oibleagáid ábhartha de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus scéimeanna eile amach anseo.

Forbraíodh an Scéim seo i gcomhthéacs bhearta an Rialtais ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2013’. Cuirtear san áireamh inti údarás ar leith na Roinne maidir le tacaíocht a thabhairt do leathnú agus fás in úsáid na Gaeilge sa chóras oideachais

Aithníonn an Roinn an tábhacht atá le líon baill foirne a bheith ann a bhfuil Gaeilge líofa acu agus cumas acu seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Sa chomhthéacs seo, thug An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le fios go bhfuil gá le Síceolaithe Oideachais dátheangach i suímh réigiúnacha áirithe agus tá oiliúint curtha acu ar a síceolaithe.

Tá an Chigireacht ag ceapadh cigirí i rith an ama ag leibhéal grád earcaíochta agus aidhm acu leanúint le feabhsú sholáthar seirbhíse Gaeilge. Mar chuid dá gclár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, leanann an Chigireacht le cumas a bhfoirne a fhorbairt chun seirbhísí Gaeilge chigireachta a sholáthar. Soláthraítear tumchúrsaí in aghaidh na bliana i gceantair Ghaeltachta mar aon le cúrsaí teanga atá lonnaithe i suímh lárnacha a dhíríonn ar chumarsáid bheacht agus éifeachtach Ghaeilge a fhorbairt, agus atá ceaptha d’fhonn tacaíocht a thabhairt d’fhonn cumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge agus cigireachtaí Gaeilge a dhéanamh a fhorbairt.

3. Scéimeanna a deimhníodh roimhe seo

Tá na gealltanais a rinneadh sa chéad agus sa dara Scéim de chuid na Roinne tugtha i dtír. Bhí réimse gealltanais i Scéim Ghaeilge na Roinne 2013-2016 maidir le leibhéal sheirbhíse Ghaeilge inghlactha a sholáthar. Is riachtanas d’Acht na dTeangacha Oifigiúla go gcuireann Ranna an Rialtais doiciméid a leagann amach tograí polasaithe poiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis straitéise, agus saincheisteanna a mheastar tábhacht phoiblí a bheith leo, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, agus is é sin an cleachtas atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, cuireadh uimhir thiomnaithe teileafóin ar bun ar bhonn píolótach chun plé le saincheisteanna as Gaeilge. Is é is cuspóir don tseirbhís seo an Ghaeilge a chur ar fáil mar chéad phointe teagmhála do Ghaeilgeoirí.

- Cuireann Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na Roinne (STDU) oiliúint iomchuí sa Ghaeilge ar fáil do gach ball foirne chun freastal ar sprioc-riachtanais ghnó.
- Forbraíodh Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge lena chinntiú go mbeadh aistriúcháin Béarla-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla de chaighdeán sonraithe ar fáil go tráthúil, agus ar ráta comhaontaithe.

- Le linn 2013, thug an Chigireacht cuairteanna tacaíochta féinmheastóireachta ar thuairim is ceithre chúigiú de na scoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Rinne an Chigireacht cigireachta ar thuairim is aon chúigiú de na bunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge, agus ar thuairim is dhá thrian de na iarbhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge.

Ba iad fócas agus tosaíocht na Chéad Scéime agus na Dara Scéime a chinntiú go soláthraíonn an Roinn seirbhís mhaith don ghnáthphobal, sa dá theanga oifigiúla, thar thréimhse na scéimeanna, agus aird á tabhairt ar phrionsabail seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí, agus i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.

4. Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Tríú Scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus beidh sí i bhfeidhm ó 24 Deireadh Fómhair 2016 go ceann trí bliana nó go ndeimhnítear scéim nua, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Foramharc ar an Roinn Oideachais agus Scileanna

1. Misean agus Cuspóirí

Is é is misean na Roinne Oideachais agus Scileanna a chumasú d'fhoghlaimoirí :

- a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus
- rannchuidiú le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, tugann an Roinn faoi na spriocanna ardleibhéil seo:

1. Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí a fheabhsú
2. Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
3. Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach
4. Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne
5. Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

2. Custaiméirí na Roinne

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí d'ardchaighdeán atá i gcomhréir leis na gealltanais seirbhíse ina Cairt do Chustaiméir agus ina Plean Gníomhaíochta Seirbhís Chustaiméir a sholáthar do gach custaiméir. Tá rochtain ar an dá dhoiciméad seo ag www.education.ie.

Cuimsíonn Cairt do Chustaiméir agus Plean Gníomhaíochta na Roinne na gealltanais seo a leanas maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge.

- Tabharfaimid freagra i nGaeilge d'aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.
- Tabharfaimid freagra i nGaeilge do ghlaiteoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt, más féidir, nó déanfaimid tairiscint go nglaofaidh ball foirne ar féidir leo plé le ceistanna i nGaeilge ar ais laistigh de **1 lá oibre**.
- Cinnteoidimid gur féidir leat do ghnó a dhéanamh i nGaeilge, más mian leat sin.
- Foilseoimid foilseacháin chorparáideacha i nGaeilge agus i mBéarla.
- Cinnteoidimid go soláthrófar seirbhísí de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ár Scéimeanna Gaeilge.
- Leanfar le feidhmiú an Líne Ghaeilge (01) 889 6780.
- Tabharfar faisnéis don fhoireann faoi riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoina ndualgais faoi Scéim Ghaeilge na Roinne.

Is iad scoileanna sna hearnálacha bunscoile agus na hiar-bhunscoile na grúpaí custaiméirí is mó a éilíonn seirbhísí Ghaeilge ar an Roinn, agus go háirithe scoileanna ina ndéantar an teagasc a sholáthar trí Ghaeilge.

3. Eochairsheirbhísí

Tá príomhoifigí na Roinne lonnaithe i mBaile Áth Luain, i dTulach Mhór agus i mBaile Átha Cliath. Tá príomh-uimhreacha teileafóin agus mionsonraí eile teagmhála na Roinne ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie. Cuireann an Roinn réimse seirbhísí ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí, d'fhoghlaimoirí agus don phobal i gcoitinne. Tá mionsonraí faoi gníomhaíochtaí gach limistéir feidhme agus gach aonad den Roinn ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie agus i Scéim Fhoilsithe na Roinne arna dhéanamh de bhun fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinn ag an nasc seo a leanas <http://www.education.ie/en/>

Tá mionsonraí maidir le seirbhísí do chustaiméirí ar fáil i bPlean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe i bPlean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí agus ina Cairt do Chustaiméirí tacaíocht do chur i bhfeidhm feabhsaithe na seirbhíse teanga atá beartaithe sa Scéim seo.

Caibidil 3: Achoimre ar na seirbhísí Gaeilge agus na feabhsúcháin atá beartaithe sa tréimhse 2016-2019

Geallann an Roinn an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar sa dá theanga oifigiúla dá custaiméirí uile. Sa chaibidil seo leagtar amach na bearta agus na gníomhartha a dhéanfaidh an Roinn in imeacht na dtrí bliana romhainn chun an dul chun cinn a rinneadh chun seirbhísí dátheangacha a fhorbairt i dtréimhse na chéad phlean agus na dara plean a neartú agus a dhaingniú.

De réir na rialacha a rinneadh de bhonn forálacha Alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, leanfaidh an Roinn dá hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh

1. Fógraí taifeadta béil

Beidh na Fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:

- (a) Fógraí taifeadta béil ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;
- (b) Fógraí taifeadta béil arna cruthú agus arna tarchur trí chóras teachtaireachta ríomhairithe nó trí chóras freagartha teileafóin ríomhairithe.

Baineann an fhoráil seo le fógraí ‘taifeadta’, seachas ‘fógraí beo’.

2. Staiseanóireacht

Cuirtear ceannscríbhinní, lena n-áirítear páipéar litreacha, duillíní dea-mhéine, bileoga chumhdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteán eile, lipéid agus clúdaigh litreach, ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Nuair a ghintear uathfhreagairt ar chuntas ríomhphoist roinnte, beidh an fhaisnéis sa bhuntásc i nGaeilge agus i mBéarla araon.

3. Comharthaíocht

Beidh comharthaíocht sa Roinn Oideachais agus Scileanna go hiomlán i nGaeilge nó go dátheangach de réir na rialachán (S.I. Uimh.391/2008) déanta de bhonn forálacha Alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

4. Cumarsáidí agus Foilseacháin

De réir forálacha alt 9(2) agus 9(3) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003,

- Nuair a dhéantar teagmháil leis an Roinn i scríbhinn nó le ríomhphost i gceann de na teangacha oifigiúla freagróimid sa teanga sin.
- Nuair a dhéanann an Roinn teagmháil leis an bpobal i gcoitinne i scríbhinn nó le ríomhphost nó le haicme den phobal i gcoitinne chun críche faisnéise a sholáthar don

phobal nó don aicme, cinnteoidh an Roinn go mbeidh an teagmháil i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge.

De réir forálacha Alt 10 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 foilsíonn an Roinn **ag an am céanna** i ngach ceann de na teangacha oifigiúla:

- a) aon doiciméad a leagan amach tograí beartais phoiblí;
- b) aon tuarascáil bliantúil;
- c) aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
- d) aon Ráiteas Straitéise is gá a ullmhú faoi Alt 5 den Acht um Bhainistíocht Seirbhís Phoiblí 1997.

I gcás ina bhforordaíonn an Rialtas - faoi fhorálacha Alt 10 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – aon doiciméad a mheastar go mbaineann tábhacht shuntasach don phobal leis, foilseoidh an tAire Oideachais an doiciméad sin sa dá theanga oifigiúla ag an am céanna.

Cuireann an Roinn réimse fairsing seirbhísí ar fáil freisin, i nGaeilge agus i mBéarla araon, roinnt acu don phobal i gcoitinne – nó d’aicme den phobal i gcoitinne – agus do ghrúpaí eile chun tacú leis an gcóras oideachais go ginearálta.

5. Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil

5.1 Cumarsáid i scríbhinn nó ó bhéal leis an bpobal agus le scoileanna

Cuirfear na míreanna cumarsáide seo a leanas de chuid na Roinne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon:

- Ciorcláin do na bunscoileanna
- Gach ciorclán atá bainte leis an gcuraclam do na scoileanna
- Bileoga agus bróisiúir eolais do na bunscoileanna
- Doiciméid neamhtheicniúla a scaiptear ar na bunscoileanna
- Foirmeacha iarratais maidir leis na seirbhísí riaracháin bunscoile
- Foirmeacha iarratais do sheirbhísí párolla bunscoile agus iarbunscoile
- Foirmeacha iarratais don fhoireann teagaisc agus don fhoireann neamhtheagaisc bunscoile
- Gach foilseachán corparáideach – m.sh. tuarascálacha bliantúla, Ráiteas Straitéise
- Tuairiscí cigireachta do scoileanna lán-Ghaeilge (bunscoileanna agus iarbunscoileanna)
- Preasráitis a fhógraíonn scéimeanna nua nó athrú beartais (féach leathanach 8 freisin)
- Gach eolas statach nua cuí a chuirtear ar láithreán gréasáin na Roinne (féach leathanach 9 freisin)

Lámhleabhair speisialaithe inmheánacha teagaisc nó doiciméid theicniúla a chuirtear ar fáil d’fhorais phoiblí eile nó chun tacú le pleanáil agus soláthar cóiríocht scoile, is i **mBéarla amháin** a bheidh siad ar fáil, de réir mar is cuí.

Nuair is cúí leathnófar na gealltanais a rinneadh i dtaca le doiciméid bhunscoile a aistriú go dtí doiciméid iarbhunscoile den chineál céanna.

Cinnteoidh an Roinn go dtugtar an tosaíocht chéanna do na leaganacha Gaeilge agus Béarla araon, i gcásanna ina gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil go leithleach i mBéarla agus i nGaeilge, agus go mbeidh sé chomh héasca céanna an leagan Gaeilge a fháil agus atá sé an leagan Béarla a fháil.

5.2 Seirbhísí Párolla don Fhoireann Teagaisc agus don Fhoireann Neamhtheagaisc

Eiseoidh Rannóg Párolla na Roinne duilíní pá, P60anna agus comhfhreagras eile i nGaeilge d'íocaithe ar na párollaí seo a leanas arna iarraidh sin;

- 1 Párolla Múinteoirí Bunscoile,
- 2 Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile,
- 3 Párolla na Foirne Neamhtheagaisc,
- 4 Párolla na bPinsinéirí.

Nuair a chuirtear ceapachán nua ar phárolla na bhfoirne reatha teagaisc agus neamhtheagaisc, tugtar an deis dóibh siúd atá nuacheaptha comhfhreagras i nGaeilge a iarraidh.

5.3 Comhfhreagras, logainmneacha agus oibleagáidí comhlíonta eile

Leanfaidh an Roinn de fhreagra a thabhairt i nGaeilge ar gach comhfhreagras i scríbhinn a fhaightear i nGaeilge. Faoi fhorálacha Chairt Chustaiméirí agus Phlean Ghníomhaíochta na Roinne freagróidh ball foirne na Roinne atá ábalta plé le ceisteanna i nGaeilge laistigh de lá amháin oibre.

Meabhrófar don fhoireann go gcaithfear logainmneacha oifigiúla Gaeltachta a úsáid faoi mar atá dearbhaite ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus comhfhreagras á eisiúint.

6. Na Meáin – Preasráitis

6.1 Preasráitis

Leanfaimid de leaganacha Gaeilge a eisiúint de phreasráitis ina bhfógraítear scéimeanna nua nó athruithe ar bheartas.¹

¹Tabhair ar aird nach féidir ráthaíocht a thabhairt go bhfoilseofar preasráitis i nGaeilge ag an am céanna leis na leaganacha Béarla, mar gheall ar spriocdhátaí. Foilsíodh, áfach, gach ceann den 17 preasráiteas Ghaeilge, seachas ceann amháin, a foilsíodh idir Meán Fómhair 2015 agus An Nollaig 2015 laistigh d'uir an chloig dá leaganacha Béarla, rud a léiríonn tiomantas na Roinne i ndáil leis seo.

6.2 Na Meáin Shóisialta

Úsáidtear na meáin shóisialta mar uirlis chun aire daoine atá ag fiosrú faisnéise a dhíriú ar phreasráitis ábhartha, leathanaigh ar an láithreán gréasáin agus mar sin de, nuair atá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil, más cuí. Nuair is indéanta é, déanfaimid naisc i nGaeilge chuig scéimeanna nua agus athruithe ar bheartas a tvúiteáil.

7. Teicneolaíocht na Faisnéise

7.1 Láithreán Gréasáin

Cinntoidh an Roinn go mbeidh gach leathanach iomchuí ar phríomhchuid an láithreáin gréasáin www.education.ie sa dá theanga; ní gá go n-aireofaí air sin doiciméid nó láithreáin gréasáin atá nasctha leis na leathanaigh sin². (I gcásanna áirithe níl sé cuí leathanach Gaeilge a sholáthar, mar shampla i gcás óráidí, preasráitis, nó scéimeanna atá dírithe ar ghrúpaí custaiméirí ar leith, an Scéim do Chúntóirí Béarla, an Scéim do Chúntóir i dTeanga Iasachta, eolas treorach teicniúil le haghaidh gairmithe tógála). I gcásanna ina gcuirtear bileoga eolais, bróisiúir, foilseacháin chorparáideacha, foirmeacha iarratais agus ciorcláin ar fáil i nGaeilge ag an am céanna, cuirfear ar fáil iad ar láithreán gréasáin na Roinne. I gcásanna nuair nach bhfuil an dá leagan ar fáil ag an am céanna, foilseofar an dá leagan a luaithe a bheidh siad ar fáil.

Cuirfear aon inneachar statach ar fáil ar aon láithreán gréasáin phoiblí nua a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn thréimhse na scéime go dátheangach.

Is éard is ciall le 'hinneachar statach', de réir na Roinne, na heilimintí seo a leanas den láithreán gréasáin:

- Eilimintí creata an leathanaigh baile
- Eilimintí creata na leathanach lamairne
- Teidil ar chriosanna
- Brandáil an Láithreáin Ghréasáin
- An Barra Gníomhartha Uachtarach
- An Taobh-bharra
- Táib Phearsana

Beidh feidhm ag an ngealltanais maidir le láithreáin ghréasáin agus inneachar atá faoi bhainistíocht dhíreach na Roinne – ní ghealltar amhlaidh i gcás láithreáin atá faoi bhainistíocht ag gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne nó i gcás láithreáin a mhaoiníonn an Roinn go hiomlán nó go páirteach.

²I gcásanna áirithe níl sé cuí leathanach Gaeilge a sholáthar, mar shampla i gcás óráidí, preasráiteas, nó scéimeanna atá dírithe ar ghrúpaí custaiméirí ar leith, an Scéim do Chúntóirí Béarla, an Scéim do Chúntóir i dTeanga Iasachta, eolas treorach teicniúil le haghaidh gairmithe tógála.

7.2 Teicneolaíocht Faisnéise – Córais T.F.

Le linn na Dara Scéime, forbraíodh roinnt scéimeanna TF le feidhmiúlacht iomlán dátheangach agus feabhsaíodh na seirbhísí a bhí ann cheana féin. Ina measc siúd bhí:

- An córas Bunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne (POD), a chuireann ar chumas scoileanna ábhair a uaslódáil agus a íoslódáil i nGaeilge.
- Daonáireamh Bliantúil na Scoileanna Náisiúnta (do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta).
- Tuairisceáin Leithdháileadh Acmhainní Múinteoireachta (DTR) (Socrú Amchláir) (do Scoileanna Iarbhunscoile, Tuairisceáin Mheán Fómhair roimhe seo).
- P-POD, Tuairisceáin Dheireadh Fómhair (do Scoileanna Iarbhunscoile).
- An Samhaltóir Pinsean, córas idirghníomhach a ligeann do bhaill foirne teagaisc agus neamh-theagaisc nach baill iad den Scéim nua um Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair chun sochair phinsin réamh-mheasta a mheas.

Tá an Roinn tiomanta a chinntiú go mbeidh cumas/feidhmiúlacht dhátheangach ag gach córas TF idirghníomhach nua le go mbeidh scoileanna in ann ceachtar den dá theanga oifigiúil a úsáid agus iad ag déanamh tuairisceáin chuig an Roinn. Tá an rogha ag scoileanna cheana féin úsáid a bhaint as ESINET, córas ionchur sonraí ar líne na Roinne, i mBéarla nó i nGaeilge agus iad ag cur sonraí ar aghaidh chuig an Roinn, tuairisceáin maidir le leithdháileadh acmhainní múinteoireachta san áireamh.

Aon chóras idirghníomhach nua a thabharfar isteach le linn na Scéime, tabharfar isteach go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla iad.

De réir an ghealltanais sa chéad agus sa dara scéim, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag cinntiú, de réir mar a thagann córais ríomhaireachta aonair atá ann cheana féin chuig deireadh a saolré agus de réir mar is gá iad a athsholáthar, go ndéanfar sin le córais a bheidh in ann an Ghaeilge a láimhseáil. Cinnteofar, an fhad a mhairfidh an Scéim seo, gur i nGaeilge a dhéanfaidh an Roinn, nó daoine ag obair thar a ceann, ainmneacha agus seoltaí daoine i nGaeilge a ionchur chuig aon chóras ríomhaireachta agus bogearraí nua arna bhforbairt ag an Roinn.

7.3 Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón

De réir na ngealltanais a rinneadh sa chéad agus sa dara scéim, cuireadh líne theileafóin tiomanta do cheisteanna i nGaeilge ar bun ar bhonn píolótach (01) 8896780. Is é cuspóir na scéime seo an chéad phointe teagmhála i nGaeilge a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí. Leanfar le soláthar na seirbhíse seo.

D'fhorbair an Roinn seirbhís freastalaí uathoibrithe ar bhonn pólótach freisin le haghaidh uimhreacha phríomhoifigí na Roinne i mBaile Átha Luain, Baile Átha Cliath agus an Tulach Mhór. Déanann an tseirbhís seo soláthar do ghlaiteoirí teacht ar roghanna beannaithe i nGaeilge. Toisc gurb iad an fáilteoir/oibritheoir lasc-cláir na chéad pointí teagmhála daonna a bhíonn ag an Roinn leis an bpobal, cinnteoidh an Roinn na nithe seo a leanas maidir le gach fáilteoir/oibritheoir lasc-chláir

- Ainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, agus
- Go mbeidh ar a laghad na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar a dtail acu,

Tá socrúithe ar bun le go bhféadfaidh oibritheoirí lasc-chláir agus baill foirne eile sa Roinn custaiméirí a bhfuil ceisteanna i nGaeilge acu a chur ar aghaidh chuig baill foirne atá in ann freagra a thabhairt i nGaeilge. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ag an Roinn lenár féidir baill foirne sa Roinn atá sásta seirbhís teileafóin i nGaeilge a aithint go héasca.

Tá agus beidh seirbhís duine le duine i nGaeilge ar fáil ón Rannóg Oideachais Múinteoirí, faoi réir ag pearsanra a bheith ar fáil.

8 Seirbhísí Cigireachta

8.1 Cigireacht, Meastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta

Tá ról suntasach ag Cigireacht na Roinne maidir le cur le agus tacú le forbairt beartais. Is feidhm lárnach den Chigireacht faoin Acht Oideachais, 1998 é cáilíocht sa chóras oideachais a chinntiú tríd a meastóireacht scoile agus córais agus trína gníomhaíochtaí cigireachta eile. Déanann cigirí measúnú agus tugann comhairle maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta agus rialacháin na Roinne agus tuairiscíonn ar shaincheisteanna comhlíonta go ginearálta. Oibríonn an Chigireacht clár cigireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear cigireacht ar scoileanna, múinteoirí agus ábhair, meastóireacht ar chlár, cigireacht théamúil agus Meastóireacht Scoile Uile. Cuireann siad comhairle ar scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí ar gach gné den soláthair oideachais faoi théarmaí tagartha na Cigireachta.

8.2 Seirbhísí Cigireachta trí Ghaeilge

Cuireann an Chigireacht seirbhís cigireachta dhátheangach ar fáil do gach scoil aitheanta ag an leibhéal bunscoile, lena n-áirítear scoileanna sa Ghaeltacht agus scoileanna lán-Ghaeilge. Cé gurb í an Ghaeilge an modh cumarsáide sa Ghaeltacht agus i suíomhanna lán-Ghaeilge go ginearálta, beidh tionchar ag an rogha áitiúil ar an teanga a úsáidfidh an Chigireacht ag am ar bith. Ag an leibhéal iarbunscoile, cuireann an Chigireacht seirbhís cigireachta ar an nGaeilge ar fáil. Nuair atá an acmhainneacht ann, cuirfidh cigirí seirbhís i nGaeilge ar fáil i

ngach réimse ábhair do scoileanna iarbhunscoile sa Ghaeltacht nó i scoileanna lán-Ghaeilge. Baintear úsáid as an mBéarla nuair a dhéantar cigireacht ar ábhar an Bhéarla.

8.3 Seirbhís Cigireachta Dhátheangach do Scoileanna

Chun feabhas a chur i gcónaí ar sholáthar na seirbhíse cigireachta dátheangaí, agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní é, déanfaidh an Roinn, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, cigirí a cheapadh ag leibhéal an ghráid earcaíochta a leanfaidh agus a chuirfidh le soláthar na seirbhíse i nGaeilge. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag cur inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh sna próisis roghnúcháin agus ceapacháin chuig an gCigireacht ag leibhéal an ghráid earcaíochta le súil agus:

- Cumas na Cigireachta a fheabhsú ó thaobh seirbhís cigireachta a chur ar fáil i nGaeilge
- Caighdeán Gaeilge níos cruinne a éileamh le haghaidh imlonnú i gceantair Ghaeltachta agus le haghaidh idirchaidreamh le scoileanna lán-Ghaeilge.
- A chinntiú go bhfanfaidh inniúlacht i réimse ábhair faoi leith mar an bpríomhcheist agus cigirí á roghnú ag an leibhéal iarbhunscoile, agus buntáiste iomaíoch a bhronnadh ar iarrthóirí atá in ann feidhmiú sa dá theanga oifigiúil.

Leanfaidh an Chigireacht ar aghaidh ag tacú le soláthar seirbhísí na Roinne trí Ghaeilge do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Leanfaidh sí ar aghaidh ag aithint teagmhálacha i measc cigirí iarbhunscoile chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ina theannta sin, leanfaidh an Chigireacht ar aghaidh ag forbairt cumas a baill foirne chun meastóireacht a dhéanamh ar scoileanna bunscoile agus iarbhunscoile sa Ghaeltacht agus i scoileanna lán-Ghaeilge trína chinntiú go gcuirtear deiseanna forbartha gairmiúla iomchuí ar fáil ar bhonn rialta.

8.4 Foilseacháin na Cigireachta

Is i mBéarla a fhoilseofar tuairiscí ó chigireachtaí i scoileanna Béarla agus leanfar ar aghaidh ag foilsiú tuairiscí nó codanna de na tuairiscí sin a dhéileáil le teagasc na Gaeilge i mBéarla agus i nGaeilge. Leanfar ar aghaidh ag foilsiú tuairiscí a eascraíonn as cigireachtaí i scoileanna Gaeilge i nGaeilge agus foilseofar aistriúcháin de na tuairiscí sin leis an rochtain is mó is féidir ar na tuairiscí a chinntiú; maidir le gach meastóireacht arna déanamh ón 1 Meán Fómhair 2010, is i mBéarla agus i nGaeilge a fhoilsítear na tuairiscí nó na codanna de na tuairiscí sin a dhéanann tagairt do chigireacht ar an mBéarla sna scoileanna sin, agus leanfar ar aghaidh ag déanamh amhlaidh.

Leanfaidh an Chigireacht ar aghaidh ag cur feabhas ar an soláthar a dhéanann sí faoi láthair de sheirbhís cigireachta dátheangaí agus ar an cumas atá aici seirbhís chigireachta a

sholáthar i scoileanna Gaeilge agus Gaeltachta agus i suíomhanna luathbhlianta Gaeilge. Foilseofar tuairiscí cigireachta ar shuíomhanna luathbhlianta Gaeilge ó 2016 ar aghaidh.

8.5 An Chigireacht agus tuilleadh feabhais ar an soláthar seirbhísí i nGaeilge

Leanfaidh an Chigireacht ar aghaidh ag tacú leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) trí mheastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon samplach cúrsaí a chuireann coláiste Gaeilge ar fáil gach bliain. Foilseofar tuairiscí cigireachta ar chúrsaí Gaeilge ar leith ar láithreán gréasáin na Roinne ó 2016 ar aghaidh.

Mar chuid dá clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, leanann an Chigireacht ar aghaidh ag cur le cumas a baill foirne seirbhísí cigireachta a chur ar fáil i nGaeilge. Cuirtear tumchúrsaí sa Ghaeltacht ar fáil, chomh maith le cúrsaí teanga agus eagarthóireachta i suíomhanna lárnaigh, cúrsaí a dhíríonn ar chumarsáid chruinn agus éifeachtach i nGaeilge a fhorbairt. Cuirtear cúrsaí oiliúna eile ar fáil i nGaeilge do chigirí chun tacú le forbairt ar chumas fhoireann na Cigireachta cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus cigireachtaí a dhéanamh i nGaeilge.

9 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) seirbhís síceolaíochta oideachais ar fáil do scoileanna. Is seirbhís scoil-bhunaithe í go príomha a bhfuil mar aidhm léi tacú le múinteoirí agus tuismitheoirí freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i scoileanna.

9.1 Pearsanra NEPS

Tá 24 síceolaí oideachais i NEPS faoi láthair atá inniúil sa Ghaeilge agus a chuireann seirbhísí gairmiúla ar fáil i nGaeilge. Áirítear ar sheirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí scoileanna i gceantair Ghaeltachta agus i scoileanna Gaeilge in áiteanna eile.

9.2 Foilseacháin NEPS – Treoiríní, Pacáistí Acmhainne do Scoileanna, Múinteoirí agus Tuismitheoirí

Cuirtear Treoiríní do Mhúinteoirí agus Pacáistí Acmhainne do Mhúinteoirí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, ag leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile, maidir le riachtanais oideachais speisialta, agus deacrachtaí iompair, mothúcháin agus sóisialta.

Ina theannta sin, tá Treoiríní ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla chun cabhrú le Teagmhais Chriticiúla (e.g. bás de bharr breoiteachta, timpiste bhóthair nó féinmharú mic léinn,

uaireanta). Tá litreacha samplacha agus seicliostaí i mBéarla agus i nGaeilge san áireamh sna Treoirlínte agus sna hÁbhair Acmhainne do Scoileanna a ghabhann leo.

Tá Treoirlínte ar Fholláine i Scoileanna Iarbhunscoile (maidir le cur chun cinn meabhairshláinte agus féinmharú a chosc) ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. An Roinn Sláinte i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a d'fhoilsigh na Treoirlínte sin.

Cuireann NEPS bileog eolais ar fáil do thuismitheoirí freisin, i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá roinnt seirbhísí faoi athbhreithniú, mar shampla an Scéim um Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Cuirfear na foirmeacha iarratais a bhaineann le hiarrataí acmhainne áirithe, (i.e. cibé an thuismitheoir nó scoil a thionscain iad) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is cuí.

9.3 Soláthar na Seirbhíse NEPS ag an leibhéal idir-rannach agus idirghníomhaireachta

Bíonn NEPS i dteagmháil le raon comhlachtaí poiblí eile chomh maith, mar shampla an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) agus an tIonad Taighde Oideachais (ERC) – i ndáil le cúrsaí mar oiliúint do bhaill foirne NEPS; saincheisteanna is ábhar imní iad do NEPS ar an gcuraclam OSPS agus le forbairtí curaclaim gaolmhar; measúnú ar ghnóthachtáil uimhearthachta agus litearthachta; teagmhais chriticiúla le linn scrúduithe agus cúrsaí gaolmhara. Nuair is gá, déanann NEPS socrú go gcuirfidh ball foirne gairmiúil dá gcuid seirbhísí tacaíochta ar fáil sa dá theanga oifigiúil.

Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas Gaeilge na Roinne

1. Earcaíocht

Baill foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge acu a earcú i ngach réimse oibre sa Roinn an príomhbhealach chun an fháil ar sheirbhísí i nGaeilge a uasmhéadú. Féachfaidh ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir ag an gcreat náisiúnta comhaontaithe de nósanna imeachta, leis an ngá le feabhas a chur ar an gcumas Gaeilge ar bhonn céimnitheach.

Cuirfear pacáiste ionductaithe ar fáil do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe lena chinntiú go gcuirfear ar an eolas iad faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

2. Oiliúint agus Forbairt

Cuireann Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne (STDU) na Roinne deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil, lena n-áirítear oiliúint i nGaeilge, don fhoireann go léir, le súil agus riachtanais ghnó a chomhlíonadh. Éascaíonn STDU do bhaill foirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt, agus i gcásanna ina bhfuil sí mar chuid dá bhfeidhmeanna oifigiúla, cuirtear rochtain ar oiliúint sa Ghaeilge ar fáil trí chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí. Cuirtear an fhoireann go léir ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

3. Cumas Gaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar níos fearr de sheirbhísí i nGaeilge, déanfaidh an Roinn faoi dheireadh 2016 aon phost dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach a aithint. Is éard atá beartaithe ná go mbeidh caighdeáin chreidiúnaithe sonraithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost sin, ag teacht le freagrachtaí na bpost.

Ag an leibhéal bunscoile, déantar cigirí le saineolas agus inniúlachta sa Ghaeilge a earcú agus leanfar leis an nós sin. Ag an leibhéal iarbhunscoile, is speisialtóirí ábhair iad na cigirí. Oibríonn na speisialtóirí sin i scoileanna Béarla agus Gaeilge. Faoi láthair, níl go leor cigirí iarbhunscoile ann atá inniúil na seirbhísí cigireachta go léir a sheachadadh i scoileanna iarbhunscoile Gaeilge. Tá iarrachtaí ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin trí earcaíocht agus uasciliú inmheánach.

Sa chás nach mbeidh go leor ball foirne gairmiúil ann amach anseo chun seirbhísí a chur ar fáil do scoileanna i gceantair Ghaeltachta nó i nGaelscoileanna, tabharfar faoi fheachtas earcaíochta chun daoine gairmiúla atá inniúil sa Ghaeilge a fhostú tríd an tSeirbhís um

Cheapacháin Phoiblí (PAS). Déanfar an rud céanna sa chás go mbeidh ganntanas inniúlachta i measc na mball foirne riaracháin.

Tá ceistneoir forbartha ag an Roinn a iarrtar ar bhaill foirne nua a chomhlánú maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge.

4. Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge

Ag féachaint do rialacha maidir le beartais um sholáthar an Rialtais agus an AE, chuir an Roinn Creat-Chomhaontú i bhfeidhm i dtaca le soláthar seirbhísí aistriúcháin. Cuimsíonn an córas 15 Ball Chreata a dtairgtear obair aistriúcháin dóibh trí chóras rothlaithe uathoibríoch.

Soláthraíonn an tseirbhís seirbhísí aistriúcháin Gaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge. Cinntíonn sí comhsheasmhacht i gcur chuige seirbhísí aistriúcháin a aimsiú. Ní mór don fhoireann faisnéis íogair phearsanta in ábhar atá á aistriú acu a chur in eagar; Ceanglaítear ar Bhaill Chreata dianchaighdeáin rúndachta a choimhhead. Ceanglaítear ar Bhaill Chreata freisin caighdeáin rialaithe cáilíochta a choimhhead, maidir le profáil, agus téarmaíocht chomhsheasmhach chuí a úsáid, go háirithe i gcás doiciméid ina n-úsáidtear na téarmaí teicniúla céanna go forleathan m.sh. ciorcláin, tuairiscí cigireachta scoile, tuairiscí síceolaíochta. Caithfear an Caighdeán Oifigiúil a úsáid in aistriúcháin, mura sonraítear a mhalairt. (In amanna d'fhéadfadh gá a bheith le téarmaíocht shimplithe, nó teanga choiteann, ag brath ar an spriocphobal). Chuir an tseirbhís aistriúcháin go mór le cumas na foirne tabhair faoi obair leis an fhoirmiúlacht chuí, ag brath ar cé acu atá an comhfhreagras le tuismitheoirí, foghlaimeoirí nó gairmithe oideachais.

Leanfaidh an Roinn de chinntiú go mbíonn socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir leis an bhfoireann seirbhís aistriúcháin go Gaeilge a fháil nuair is gá. Cuirfear treoir agus comhairle chun dáta ar an bhfoireann i rith an ama faoi na nósanna agus na cleachtais atá le cur i bhfeidhm agus na seirbhísí seo á bhfostú, de réir mar is gá.

Caibidil 5: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Cúram de chuid na bainistíochta i rannóga líne is ea é maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na ngealltanais ina rannóga féin, agus is é an Rannán Seirbhísí Corparáideacha a dhéanfaidh an Mhonatóireacht leanúnach agus an measúnú bliantúil ar fheidhmiú na Scéime. Cuirfear torthaí tuarascála a rinneadh ar dhul chun cinn ar fáil don Bhord Bainistíochta (MB) gach bliain agus beidh an socrú tuairiscithe seo i bhfeidhm ó thús thréimhse na Scéime nua.

Athbhreithneofar sa tuarascáil an dul chun cinn atá déanta maidir le feidhmiú na Scéime, agus baileofar sonraí gach bliain ar na nithe seo a leanas:

- Minicíocht agus nádúr aon ghearáin nó aon mholta ón bpobal i dtaca leis an tslí ina gcuireann an Roinn seirbhísí Gaeilge ar fáil;
- Dul chun cinn gach ceann de na gealltanais atá leagtha amach sa Scéim;
- An méid éilimh atá ar sheirbhísí Gaeilge.

Breithneoidh an Roinn aon bheart breise is gá chun an tseirbhís a fheabhsú, i bhfianaise an éilimh ar an tseirbhís, na n-acmhainní atá ar fáil agus torthaí na dtuarascálacha ar dhul chun cinn.

Beifear ag súil go gcuirfidh gach Rannóg den Roinn aon fhreagracht a d'fhéadfadh a bheith uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi Scéim Ghaeilge na Roinne san áireamh ina phlean gnó bliantúil.

Ina theannta sin, cuirfear baill foirne ar an eolas i rith an ama faoina bhfreagrachtaí maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá miontreoracha ar fáil dóibh siúd a mbeadh orthu bearta áirithe a chur i bhfeidhm i dtaca leis an nGaeilge.

Seo a leanas na slite ina gcuirfear an fhoireann ar an eolas mar gheall ar a bhfreagrachtaí faoin Scéim:

- Fógraí oifige
- Cairt Cháilíochta do Chustaiméirí agus Plean Ghníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne
- Cuirfear ar áireamh in oiliúint inductúcháin agus in oiliúint maidir le seirbhís do chustaiméirí gealltanais na Roinne maidir leis an nGaeilge.

Caibidil 6: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Poibleofar an Scéim seo i dtosach i bpreasráiteas go hinmheánach agus go seachtrach. Cuirfear leagan Gaeilge di ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear í ar gach ball foirne agus ar ghníomhaireachtaí iomchuí.

Ina theannta sin, tapóidh an Roinn gach deis ina chaidreamh laethúil le custaiméirí faoina seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ón Roinn. Seo mar a dhéanfar é:

- cuirfear é in iúl go díreach do chustaiméirí ar shlí réamhghníomhach go bhfuil sé de rogha acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla léiriú a thabhairt ar an láithreán gréasáin go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil;
- na seirbhísí seo a liostáil go suntasach ar ár láithreán gréasáin , lena n-áirítear taib ‘Gaeilge’ ar cheanntásc gach leathanaigh Béarla ar ár láithreán gréasáin;
- nóta le treoirínte, bileoga agus le foirmeacha iarratais áirithe le rá go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach faoi láthair;
- Tabharfar an suntasacht chéanna d’ábhair Ghaeilge agus Bhéarla nuair is féidir.

Cuirfear cóip den Scéim chomhaontaithe chuig oifig An Choimisinéara Teanga.

Is é leagan Béarla na Scéime seo an leagan oifigiúil.